
*I dTreo Phlean Spásúlachta Mhuirí d'Éirinn*

# Treochlár maidir le Plean Spásúlachta Mhuirí Náisiúnta 2020 a Sholáthar



# 1. Réamhrá agus comhthéacs

Mar náisiún oileánda a bhfuil cearta flaitheasacha aige ar cheann de na limistéir mhuirí is mó san Eoraip, tá dlúthbhaint ag geilleagar, cultúr agus sochaí na hÉireann leis an bhfarraige. Is sócmhainn náisiúnta í ár dtimpeallacht mhuirí a tháirgeann ilbhuntáistí tráchtála agus neamh-thráchtála, i dtéarmaí, mar shampla, bia mara, turasóireacht, caitheamh aimsire, fuinneamh in-athnuaite, ola agus gás, oidhreacht chultúrtha agus bithéagsúlacht. Beidh éifeacht ag forbairt inbhuanaithe sa todhchaí ar ár limistéar muirí ar go leor daoine. D'fhonn áiteanna agus spásanna ar féidir le daoine obair agus cónaí iontu agus sult a bhaint astu, féadfaidh daoine leasmhara a dtuairim maidir leis an bpróiseas pleanála muirí a thabhairt.

Aithnítear forbairt ar Phlean Spásúlachta Mhuirí náisiúnta uileghabhálach mar chuspóir beartais an Rialtais i bPlean Comhtháite Muirí d'Éirinn, *Feidhm a Bhaint as Saibhreas ár nAigéin* (HOOW) (2012). Aithníodh i HOOW go raibh eagrú agus rialú ghníomhaíocht mhuirí in uiscí na hÉireann á ndéanamh ar bhonn earnála, bunaithe ar éileamh, gan creat straitéiseach ina bhféadfaí cuspóirí beartais earnála a shamhlú, a phleanáil agus a sholáthar san fhadtéarma. Mar a leagtar amach i HOOW, "Chun saibhreas ar n-aigéin a bhainistiú, teastaíonn plean 'spásúil' mara náisiúnta uileghabhálach agus creat pleanála agus ceadúnaithe éifeachtach mar bhonn agus thaca aige. Tig le cur chuige mar seo struchtúr agus treoirphlean rialachais a chur ar fáil do phleanáil náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil saibhreas ár n-aigéin. Soláthróidh sé seo buntáiste iomaíoch dár n-earnála muirí, cuideoidh sé le leas iomlán shaibhreas ár n-aigéin a bhaint amach agus cabhróidh sé lenár n-acmhainní a bhainistiú go héifeachtach agus go hinbhuanaithe".

Bhí HOOW ann roimh an Treoir ón AE 2014/89/AE lenar bunaíodh creat ar feadh an AE le haghaidh phleanáil spásúil

**Spriocanna *Feidhm a Bhaint as Saibhreas ár nAigéin (HOOW)***

**Is plean comhtháite muirí na hÉireann é HOOW. Leagtar amach ann raon cuimsitheach gníomhartha ar feadh roinnt réimsí earnála ionas gur féidir ár n-acmhainn mhuirí a bhaint amach. Is príomhchuspóirí iad:**

- **Luach ár saibhreas aigéin a dhúbailt chuig 2.4% den OTI faoi 2030.**
- **Láimhdeachas ár ngeilleagair mhuirí a mhéadú chuig níos mó ná €6.4bn faoi 2020.**

**Chun na nithe sin a bhaint amach, samhlaítear le HOOW go dtiocfaidh fás suntasach ar dhobharshaothrú agus ar tháirgeadh bia mara, ar iompar muirí, ar fhuinneamh in-athnuaite muirí, ar bhiteicneolaíocht mhuirí agus ar TFC, agus ar thurasóireacht agus áineas mara agus cósta. Ag an am céanna, aithnítear i HOOW tábhacht ár n-éiceachóras agus ár mbithéagsúlachta muirí saibhre maidir le saibhreas ár n-aigéin.**

**D'fhonn na cuspóirí sin a fhíorú, beidh gá le Plean Spásúlachta Mhuirí d'Éireann a fhorbairt ar na cúiseanna seo a leanas:**

- **D'fhonn ról soiléir a thabhairt do pobail chósta agus do gheallsealbhóirí eile maidir leis an tslí a ndéanaimid pleanáil d'úsáid agus do chóireáil ár gcríche muirí, faoi láthair agus sa todhchaí ;**
- **D'fhonn coimhlintí idir earnála a laghdú agus chun sineirgí a chruthú idir ghníomhaíochtaí éagsúla ;**
- **D'fhonn infheistíocht a spreagadh trí bhíthin intuarthacht, follasacht agus rialacha níos soiléire a chruthú.**
- **D'fhonn cur leis an gcomhoibriú trasteorann idir thíortha AE chun eangacha fuinnimh, lánaí loingseoireachta, píblínte, cáblaí fomhuireáin agus gníomhaíochtaí eile a fhorbairt, agus chun gréasáin chomhtháite limistéir faoi chosaint a fhorbairt freisin.**
- **D'fhonn tacú le hinbhuanaitheacht trí bhíthin thionchar agus deiseanna d'ilúsáidí spáis a aithint go luath.**

mhuirí (MSP) agus ar glacadh léi i mí Iúil 2014. Leis an treoir, bunaíodh creat don MSP, a sainmhíníodh mar phróiseas lena ndéanann údaráis an Bhallstáit ábhartha anailís agus eagrú ar ghníomhaíochtaí an duine i limistéir mhuirí d'fhonn cuspóirí sóisialta, eacnamaíochta agus éiceolaíochta a bhaint amach. Tugtar mionsonraí sa Treoir faoi na príomh-spriocanna agus faoi na riachtanais íosta do Bhallstáit mar seo a leanas:

- forbairt chríche chothromúil inbhuanaithe ar uiscí muirí agus ar chriosanna cósta;
- forbairt bharrfheabhsaithe ar ghníomhaíochtaí muirí agus ar an aeráid ghnó;
- dul in oiriúint níos fearr do rioscaí; agus
- forbairt mhuirí agus chósta a bheadh comhtháite agus éifeachtach ó thaobh acmhainní de.

Chomh maith le bainistiú comhshaoil níos fearr a dhéanamh ar limistéir mhuirí, táthar ag súil go soláthrófar leis an Treoir raon buntáistí eacnamaíochta do Bhallstáit, lena n-áirítear:

- costais idirbheart níos ísle do ghnóthaí muirí agus iomaíochas náisiúnta níos fearr;
- cinnteacht agus intuarthacht níos fearr d'infheistíochtaí príobháideacha;
- cinnteacht níos fearr maidir le maoiniú a fháil d'infheistíochtaí sa réimse muirí;
- úsáid níos fearr a bhaint as an spás farraige agus an chomhaireachtáil úsáidí is fearr is féidir i gcriosanna cósta agus in uiscí muirí;
- tarraingteacht níos fearr ag réigiúin chósta mar áiteanna le cónaí agus infheistiú iontu;
- costais chomhordaithe laghdaithe d'údaráis phoiblí;
- níos mó forbartha ar nuálaíocht agus taighde; agus
- faisnéis agus sonraí comhtháite agus feabhsaithe.

Thrasuigh Éire an Treoir trí bhíthin Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Creat um Pleanáil Spásúlachta Mhuirí) 2016, a síníodh isteach sa dlí an 29 Meitheamh 2016. Leis na rialacháin, bunaítear an bunús dlí agus an creat leathan d'Éirinn chun MSP a chur i bhfeidhm ach plean spásúlachta mhuirí (nó pleananna) a fhorbairt ar thimthriall 10 mbliana. Faoi na Rialacháin, is é an tAire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil (an tAire Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil anois) an t-údarás inniúil chun críche na Treorach, agus, dá réir sin, chun críche an chéad phlean spásúlachta mhuirí d'Éirinn a ullmhú. Tá achoimre ar an Treoir MSP leagtha amach in Aguisín 1 thíos.

Ag teacht leis an gcineál creata a shamhlaítear in HOOW, beidh Plean Spásúlachta Mhuirí d'Éirinn suite ag barr an ordlathais pleananna agus beartas earnála don réimse muirí. Beidh na pleananna earnála reatha mar fhaisnéis ag an bplean agus bainfear úsáid as mar fhaisnéis do shealanna na

bpleananna sin sa todhchaí, mar lúb aischothaithe leanúnach. Soláthrófar creat comhtháite leis ina bhféadfar na beartais agus na cuspóirí earnála sin a fhíorú. Beidh sé ina uirlis cinnteoireachta d'údaráis rialála agus don lucht déanta beartais amach anseo ar bhealaí éagsúla, lena n-áirítear cinntí ar iarratais toilithe aonair a mbeidh orthu féachaint d'fhorálacha an phlean ar an tslí chéanna a mbíonn pleananna talún mar chuid de na huirlisí cinnteoireachta sa phróiseas pleanála ar an talamh. Beidh sé ina phríomh-ionchur d'fhorbairt beartas earnála amach anseo freisin.

Ní dhéanfar córais rialála ná riachtanais reachtacha reatha lena rialaítear feidhmiú ghníomhaíochtaí earnálacha muirí éagsúla a athsholáthar le pleananna spásúlachta mhuirí. Ach cuirfear creat uileghabhálach ar fáil leo, lena leanfar ar aghaidh á bhfeidhmiú. Beidh oibleagáid ar chomhlachtaí poiblí a phléann le toiliú d'fhorbairt agus do ghníomhaíochtaí muirí cuspóirí pleananna a chur san áireamh mar chuid dá bpróisis chinnteoireachta. Mar sin féin, níor chóir cinntí maidir le hiarratais ar thoiliú a mhoilliú ar feitheamh glacadh le pleananna den chéad uair.

**Cad é an doiciméad seo?**

Is cuid thábhachtach den chéim ghníomhachtaithe den phlean a dhéanamh é an doiciméad seo, a dtabharfar chuig an Rialtas ar deireadh é, lena fhaomhadh ag an Aire Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil. Is tábhachtach dúinn, chomh maith le tarraingt ar an gcleachtas agus ar an taithí is fearr, go gcuirfimid dearcthaí na bpáirtithe leasmhara san áireamh, maidir leis an tslí is mian leo a bheith páirteach lena rannpháirteachas a chinntiú ag céimeanna cuí sa phróiseas pleanála. Is é aidhm an doiciméid seo cur síos a dhéanamh ar an tslí a ndéanfaimid sin, ar an tráth a ndéanfaimid sin agus ar an méid a dhéanfaimid le torthaí do chuid dearcthaí agus tuairimí.

Is iad sainchuspóirí an doiciméid seo:

- cur in iúl do gach páirtí leasmhar go bhfuil Plean Spásúlachta Mhuirí (MSP) d'Éirinn á fhorbairt;
- raon feidhme agus ábhar ginearálta MSP a leagan amach;
- cabhrú le príomhpháirtithe leasmhara a aithint nach mór iad a choimeád ar an eolas faoin dul chun chinn maidir le forbairt MSP; agus
- cur síos a dhéanamh ar an tslí a gcuirimid san áireamh tuairimí pháirtithe leasmhara maidir leis an tslí is mian leo a bheith páirteach chun a rannpháirteachas a chinntiú ag céimeanna éagsúla den phróiseas pleanála, ar an tráth a ndéanfaimid sin agus ar an méid a dhéanfaimid le torthaí a gcuid dearcthaí agus tuairimí.

Leagaimid amach sna codanna seo a leanas an tslí agus an tráth is féidir le daoine a bheith rannpháirteach sa phleanáil mhuirí. Tugaimid cur síos gearr freisin ar na príomhchéimeanna agus ar na príomhghníomhaíochtaí maidir le plean muirí a chur amach.

**Ár bprionsabail rannpháirtíochta**

Agus an plean seo á fhorbairt againn, glacfaimid treoir ó na prionsabail seo a leanas maidir le rannpháirtíocht i bpleanáil mhuirí.

Déanfaimid na nithe seo a leanas:

- daoine a dhéanamh páirteach sa phróiseas cinnteoireachta go luath agus san fhorbairt ar bheartas sonrach laistigh den chreat arna chur ar fáil ag HOOW;
- caidreamh le daoine agus eagraíochtaí a bhfuil spéis acu sa phlean ag an am cuí ach modhanna caidrimh éifeachtúla a úsáid agus go leor ama a fhágáil le haghaidh comhairliúcháin fhónta;
- bheith solúbtha, agus tabhairt ar aird gur fearr a oibríonn modhanna comhairliúcháin do dhaoine faoi leith agus nach n-oibreoidh an modh céanna do gach duine;
- meas a léiriú ar éagsúlacht daoine agus a stíleanna maireachtála agus cothrom na Féinne a thabhairt do dhaoine a dtuairimí a thabhairt beag beann ar inscne, aois, cine, cumais, claonadh gnéis, imthosca nó an áit a gcónaíonn siad;
- bheith soiléir maidir le cuspóir rannpháirtíocht ar bith agus an tslí is féidir leat rannchuidiú a dhéanamh agus a chur in iúl do dhaoine an tslí ar cuireadh a gcuid tuairimí san áireamh laistigh de chreataí ama comhaontaithe;
- doiciméid a chur ar fáil go poiblí ar láithreán gréasáin na Roinne;
- cumarsáid shoiléir a dhéanamh le daoine i nGaeilge simplí agus béarlagair a sheachaint.

**Cé dó an doiciméad seo?**

Is do na daoine sin ar spéis leo limistéar muirí na hÉireann é an doiciméad seo nó dóibh siúd a mbeidh tionchar ag na cinntí a thógfar ar bhunús an phlean orthu. D'fhéadfadh páirtithe leasmhara ionadaíocht a dhéanamh ar raon leathan leas, lena n-áirítear iad siúd a chónaíonn nó a dhéanann gnó sa limistéar muirí nó timpeall air, iad siúd a bhaineann sult as, a bhfuil aird acu air nó a chabhraíonn lena bhainistiú, ó dhaoine aonair go grúpaí go heagraíochtaí.

Tá deis ag daoine bheith rannpháirteach ina limistéar muirí a mhúnlú. Más ball de ghrúpa nó de ghnó áitiúil tú nó más duine aonair tú ar spéis leat limistéir mhuirí na hÉireann, seans go bhfuil faisnéis agus smaointe agat is féidir leo cabhrú lena todhchaí a mhúnlú. Ach bheith rannpháirteach sa phróiseas pleanála muirí, féadfaidh tú tionchar a imirt ar na cinntí atáthar a dhéanamh faoin bplean spásúlachta muirí.

**Bheith rannpháirteach**

Féadfaidh duine ar bith ar mian leo bheith rannpháirteach sa phróiseas MSP teagmháil i scríbhinn a dhéanamh ach ríomhphost a sheoladh chuig msp@housing.gov.ie nó leis an bpost chuig an Rannóg Pleanála Spásúlachta Muirí, an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil, Bóthar Bhaile Nua, Loch Garman, Y35AP90.

Saibhreas Muirí na hÉireann – Arbh eol duit…?

Tá méid agus éagsúlacht ollmhór plandaí agus ainmhithe i gcríocha muirí na hÉireann.

Tá os cionn 24 speiceas éan mara a chónaíonn agus a thugann cuairt ar ár n-imeallbhord. Tá os cionn 500,000 péire éan mara timpeall ar oileán na hÉireann.

Taifeadadh os cionn 7,300 speiceas ainmhithe sna farraigí timpeall ar Éirinn. Fuarthas 25 speiceas céiticeach in uiscí na hÉireann, ina measc deilf choiteann, deilf bholgshrónach agus muc mhara.

Tá beagnach 600 speiceas feamainne timpeall na hÉireann.

Cónaíonn 40% de dhaonra na hÉireann i bhfoisceacht 5 chiliméadar ón gcósta.

Ar feadh na hEorpa, is ionann dobharshaothrú agus 20% den táirgeadh éisc agus tugann fostaíocht dhíreach do 85,000 duine.

Tháinig ardú 9% ar an táirgeadh dobharshaothraithe in 2016 go dtí 44,000 tonna, arbh fhiú €167m iad.

Is bonneagar ríthábhachtach iad calafoirt na hÉireann le haghaidh ár gcuid trádála idirnáisiúnta, agus is ar an bhfarraige a théann os cionn 90% dár gcuid trádála idirnáisiúnta.

Tháinig 12,242 soitheach i dtír i gcalafoirt na hÉireann in 2015.

Thaistil 4.3 milliún paisinéir go hÉirinn agus uaithi ar bháid farantóireachta in 2016.

Tá os cionn 3.2 milliún duine fostaithe sa turasóireacht chósta san AE agus gintear leis sin €183 billiún in oll-bhreisluach do gheilleagar an AE.

Sáraíonn an fuinneamh aigéin atá ar fáil na riachtanais domhanda reatha agus réamh-mheasta.

Bhí luach €559m ag onnmhairí bia mara na hÉireann 2016.

Tá 11,000 duine fostaithe go díreach nó go hindíreach sa tionscal bia mara in Éirinn. Cuireann an tionscal bia mara €1.1 billiún le OTI na hÉireann.

Thacaigh ár ngeilleagar aigéin tuairim is 17,000 coibhéiseach lánaimseartha (FTE) agus tuairim is 51,000 post díreach agus indíreach in 200, nó 1% den fórsa saothar iomlán in 2007.

# 2. Cúlra leis an bpleanáil mhuirí

**Cén fáth pleanáil mhuirí?**

De réir mar a thagann fás ar ár dtuiscint ar acmhainn ár gcuid aigéan agus farraigí ó thaobh tacú le pobail áitiúla, bainistiú inbhuanaithe a dhéanamh ar ár n-acmhainní muirí agus intuarthacht fhadtéarmach infheistíochta a sholáthar le haghaidh gníomhaíochtaí agus forbairt in ár limistéar muirí, aithnítear an gá le cur chuige straitéiseach, comhtháite a ghlacadh chun úsáid ár bhfarraigí a bhainistiú ar an tslí is inbhuanaithe is féidir.

Bunaíodh pleanáil mhuirí chun an méid sin a dhéanamh, ag cur leis na bearta atá ann cheana féin, mar ceadúnú agus bainistiú ó lá go lá. Dírítear ar réimse sonrach léi, déantar saincheisteanna eacnamaíochta, comhshaoil agus sóisialta a bhreithniú, cuimsítear gach earnáil agus breathnaítear chun cinn le fís, cuspóirí agus beartais atá leagtha amach go soiléir. Ach é sin a dhéanamh, beidh córas ag ár limistéar muirí a bheidh inchomparáide leis an gcóras pleanála ar thalamh, atá seanbhunaithe agus a ndearnadh tástáil air, arna sholáthar tríd an ordlathas

pleananna chun cinn. Is creat beartais go dtí 2040 a bheidh in MSP na hÉireann, ag teacht le saolré an Chreata Náisiúnta Pleanála nua, *Éire 2040*. Tacófar leis ag cinneadh Rialtais agus beidh anailís mhionsonraithe ar choinníollacha, úsáidí agus treochtaí reatha i dtimpeallacht mhuirí na hÉireann.

**Buntáistí an chórais phleanála mhuirí – cad a dhéanfaidh MSP?**

Cuirfidh pleanáil mhuirí le bainistiú éifeachtach a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí muirí agus le húsáid níos inbhuanaithe a bhaint as ár n-acmhainní muirí. Cuirfear ar chumas an Rialtais léi treo soiléir a leagan amach chun ár bhfarraigí a bhainistiú, chun cuspóirí agus tosaíochtaí a shoiléiriú, agus chun lucht déanta cinntí, úsáideoirí agus páirtithe leasmhara a stiúradh i dtreo úsáid níos straitéisí agus níos éifeachtúla a bhaint as acmhainní muirí. Beidh sí mar fhaisnéis ag cinntí faoin bhforbairt atá agus a bheidh á déanamh ar an limistéar muirí, le súil agus riachtanais chomhshaoil, eacnamaíochta agus shóisialta a chomhtháthú.

Le pleanáil mhuirí, cruthófar an creat le haghaidh cinnteoireacht chomhleanúnach, fhianaise-bhunaithe, a chinnteoidh todhchaí inbhuanaithe don limistéar muirí. Le rannpháirtíocht an phobail fhairsing, tabharfar deis do gach duine a bhfuil spéis acu in ár bhfarraigí agus cóstaí a dtuairim a thabhairt maidir leis an tslí a mbainistítear a limistéar muirí.

Ba cheart go bhfaighidh úsáideoirí muirí, ina measc rialtóirí, iarratasóirí ar thoiliú agus daoine leasmhara, go laghdófar an t-ualach rialála orthu leis an gcóras, trí bhíthin níos mó cinnteachta a thabhairt dóibh maidir leis an áit is fearr do ghníomhaíochtaí tarlú ann agus mar sin ag brostú an phróisis ceadúnaithe. Ba cheart go mothódh úsáideoirí muirí níos muiníní go mbeidh na cinntí a dhéanfar ar iarratais ar thionscadail láidir i láthair dúshlán, ar an gcoinníoll go ndéanfar iad de réir an chreata beartais a leagtar amach sa phlean spásúlachta mhuirí. Tá sin amhlaidh mar gheall go mbeidh an plean bunaithe ar an bhfianaise theicniúil agus eolaíoch is fearr atá ar fáil, lena n-áirítear rannpháirtíocht luath agus leanúnach le páirtithe leasmhara, maille le meastóireacht ar inbhuanaitheacht.


**An dul chun cinn i dtreo pleanála muirí– cá bhfuilimid anois?**

Thrasuigh Éire an Treoir MSP (Treoir ón AE 2014/89/AE) trí Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Creat um Pleanáil Spásúlachta Mhuirí) 2016 a síníodh isteach sa dlí an 29 Meitheamh 2016. Bunaítear leis na rialacháin an bunús dlí agus an creat leathan d'Éirinn chun MSP a chur i bhfeidhm ach plean (nó pleananna) spásúlachta mhuirí a fhorbairt ar thimthriall 10 mbliana. Faoi na Rialacháin, is é an tAire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil (an tAire Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil anois) an t-

údarás inniúil chun críche na Treorach, agus, dá réir sin, chun críche an chéad phlean spásúlachta mhuirí d'Éirinn a ullmhú.

**Cén limistéar a chlúdófar?**


Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Dlí na Farraige (UNCLOS) a thugann an bunús sa dlí idirnáisiúnta chun dlínsí muirí a bhunú, mar a léirítear i bhFíor 1.




Fíor 1: Criosanna muirí dá bhforáiltear sa dlí idirnáisiúnta[1]

Clúdófar limistéar muirí na hÉireann sa phlean muirí, lena n-áirítear uiscí inmheánacha (limistéar farraige), farraigí teorann, crios eacnamaíoch eisiach (EEZ) agus scairbh ilchríochach. Tá an limistéar muirí comhdhéanta de thart ar 490,000 km$^2$ agus síneann ó mheánmharc an láin mhara amach san fharraige go dtí breis agus 200 muirmhíle in áiteanna (Fíor 2). Moladh aon phlean amháin a dhéanamh don limistéar ar fad agus pleananna réigiúnacha níos mionsonraithe a dhéanamh amach anseo, seans.

[1]Leasaithe ó Bhileog Chomóradh 30 Bliain UNCLOS: http://www.un.org/depts/los/convention_agreements/convention_overview_convention.htm



Fíor 2: Limistéar muirí na hÉireann

**Cén saincheisteanna a dtabharfar aghaidh orthu sa phlean?**

Doiciméad straitéiseach, beacht a bheidh in MSP ina bpléifear le, interalia, na saincheisteanna eacnamaíochta, sóisialta agus comhshaoil seo a leanas:

- príomhghníomhaíochtaí muirí mar shampla iascach, turasóireacht, iompar, giniúint fuinnimh in-athnuaite eischósta, taiscéalaíocht agus táirgeadh ola agus gáis, dobharshaothrú, agus an tslí a n-idirghníomhaíonn siad le chéile;
- athrú aeráide agus tionchair ghaolmhara;
- pobail agus sláinte;
- oidhreacht chultúrtha;
- timpeallacht mhuirí agus bithéagsúlacht;
- idirghníomhaíochtaí trasteorann le dlínsí eile.


**Limistéar tuairiscithe na bpleananna muirí**

Beidh an limistéar tuairiscithe comhdhéanta de na limistéir níos leithne anailíse is gá don phlean, lena n-áirítear an limistéar níos leithne lasmuigh de theorainneacha limistéir na bpleananna. Ní bheidh teorainn gheografach faoi leith ag limistéar tuairiscithe; beidh an limistéar difriúil ag brath ar na saincheisteanna á dtuairisciú. Mar sin, d’fhéadfadh tionchar a bheith ag na pleananna muirí

lasmuigh de theorainneacha limistéir an phlean ar na páirtithe leasmhara sin, ag brath ar an tsaincheist á breithniú. I gcomhar le Foras na Mara, déanfaimid caidreamh agus comhairliúchán leis na tíortha eile, sa Ríocht Aontaithe agus sa Fhrainc, a bhfuil teorainn acu le huiscí na hÉireann.

**Cén caidreamh a bheidh ann idir an plean seo agus an Creat Náisiúnta Pleanála?**

Díreach mar a sheasfaidh an Creat Náisiúnta Pleanála mar an léiriú spásúlachta ar an mbeartas náisiúnta le haghaidh limistéar talún na hÉireann, leagfar amach in MSP an léiriú spásúlachta ar an mbeartas náisiúnta le haghaidh limistéar muirí na hÉireann. Is iomaí aidhm chomhroinnte agus réimse forluite comhordaithe agus gníomhaíochta idir pleanáil chun cinn dár spás talún agus muirí, díreach mar is ann d'earnálacha ina bhfuil gníomhaíochtaí nó forbairt a bhfuil láithreacht acu ar an talamh nó inár bhfarraigí. Mar a léirítear i bhFíor 3 thíos, oibreoidh an próiseas pleanála úsáid talún agus an próiseas pleanála spásúlachta mhuirí taobh le taobh chun cur chuige comhleanúnach agus éifeachtach a chinntiú ó thaobh na pleanála talún agus muirí. Tá ailíniú shaolréanna an dá phlean tábhachtach maidir leis sin.




Fíor 3: Ailíniú na Pleanála Talún agus Muirí

# 3. Céimeanna in ullmhúchán MSP na hÉireann

Is é an treochlár seo an chéad chéim san fhorbairt ar Phlean Spásúlachta Mhuirí na hÉireann – mar sin tá tús curtha le próiseas déanta an phlean. D'fhonn treoir agus maoirseacht a dhéanamh ar ullmhúchán an phlean ó lá go lá, bunóidh an tAire Eoghan Murphy, T.D., foireann Thras-Rannach / Idir-Ghníomhaireachta.

Tá sé beartaithe MSP a thabhairt chun críche in 2020, agus é a chur ar aghaidh chuig an gCoimisiún Eorpach an tráth sin, roimh an spriocdháta do na Ballstáit a bpleananna a chur isteach i mí an Mhárta 2021. Beidh ceithre chéim ghinearálta i bhforbairt an phlean.

An Chéim Ghníomhachtaithe an chéad cheann, a mhairfidh go dtí deireadh 2017, agus a raibh mar chuid di bunú na feidhme MSP sa Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil.

Mairfidh Céim 2, Céim na Forbartha, dá bhfuil an treochlár seo ina chuid lárnach, go dtí an 3ú Ráithe 2019 agus bainfidh sí le hanailís agus sainaithint ar na sonraí agus ar an bhfaisnéis riachtanach chun bonn fianaise láidir a shocrú mar bhonn taca don MSP. Beidh foilsiú fhorléargas ar fhianaise agus ar shaincheisteanna, le haghaidh chomhairliúchán poiblí, i gceist léi. Baileofar príomhfhaisnéis agus dearcthaí ó pháirtithe leasmhara le chéile sa chéim seo d'fhonn roghanna do chur chuige níos fearr i leith an MSP a shainaithint agus a thástáil. Críochnófar an chéim le foilsiú dhréacht-Phlean Spásúlachta Mhuirí agus measúnuithe tacaíochta ar an timpeallacht le haghaidh chomhairliúcháin.

Mairfidh Céim 3, an Chéim Chríochnaithe, ón 4ú Ráithe 2019 go dtí an 3ú Ráithe 2020. Beidh san áireamh inti ceadú an phlean ag an Rialtas, agus foilsiú MSP deiridh ina dhiaidh sin agus fógra faoi a thabhairt don Choimisiún Eorpach roimh an spriocdháta riachtanach, Márta 2021.

Mairfidh an chéim deiridh den phróiseas, Céim 4, ó dheireadh 2020 ar aghaidh. Beidh san áireamh inti cur chun feidhme an phlean, athbhreithniú ar a oibriú agus ullmhúchán don chéad atriall eile den phróiseas pleanála.

Tá achoimre ar thascanna féideartha do gach ceann de na ceithre chéim in Aguisín 2.

**Freagrachtaí Eagraíochtúla**

Chun cur chuige éifeachtach ar ullmhúchán MSP a chinntiú, moltar na socruithe seo a leanas:

(1) Bunófar Grúpa Stiúrtha Tras-Rannach ardleibhéil chun forbairt MSP a stiúradh agus a mhaoirsiú. Beidh an grúpa seo comhdhéanta d'ionadaithe ardleibhéil ar ranna rialtais ar ábhartha don Phlean iad a gcuid beartas agus feidhmeanna.

Beidh ionadaí amháin ón earnáil rialtais áitiúil sa ghrúpa freisin, ionadaí amháin ó Fhoras na Mara, agus ionadaí amháin ó Bhord Iascaigh Mhara. Chun cumarsáid éifeachtach maidir le MSP nua a chinntiú, déanfaidh an Grúpa Stiúrtha creat cumarsáide a fhorbairt chun rannpháirtíocht in ullmhúchán MSP a uasmhéadú ar feadh na meán go léir atá ábhartha, na meáin shóisialta ina measc. Tá sé molta go dtuairisceoidh an grúpa seo don Fhochoiste Comhaireachta ar Bhonneagar Eacnamaíochta.

(2) Bunófar Grúpa Comhairleach chun rannpháirtíocht eagraíochtaí neamhrialtasacha, comhlachtaí gairmiúla agus saineolaithe teicniúla ábhartha sa phróiseas a chinntiú. Beidh sé ina nasc éifeachtach chun rannpháirtíocht na bpiléar sóisialta, comhshaoil agus eacnamaíochta a éascú, fad a choimeádfar solúbthacht chun earnálacha eile a chorprú, de réir mar is cuí, sna fóraim chomhairleacha seo e.g. earnáil an oideachais tríú leibhéal nó earnáil na faisnéise, etc.

(3) Tá Rannóg Pleanála Spásúlachta Muirí thiomnaithe bunaithe ag an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil, ina bhfuil foireann pearsanra riaracháin agus a fhaigheann tacaíocht ón saineolas teicniúil ábhartha, ina measc ó Fhoras na Mara, a bhfuil príomh-ról aige ó thaobh ionchur eolaíochta agus teicniúil le forbairt an Phlean, le freastal ar na struchtúir eagraíochtúla bheartaithe thuas luaite, agus chun tacú leis an bpróiseas foriomlán den Phlean nua a ullmhú, lena n-áirítear comhlíonadh cheanglais dlí faoi threoracha éagsúla ón AE, ina measc an Treoir maidir le Measúnacht Tionchair Timpeallachta, an Treoir Réime um Straitéis Mhuirí, an Chreat-treoir Uisce, agus na Treoracha maidir le hÉin agus Gnáthóga.

De bharr go mbeartaítear MSP a thógáil ón mbonn aníos, maille le maoirsiú straitéiseach a dhéanamh ar a fhorbairt ar leibhéal náisiúnta, ní mór na socruithe comhairliúcháin a chruthú lena chinntiú go ndéanfar creat comhtháite a sholáthar, ag a mbeidh úinéireacht leathan agus glacadh ar leibhéal áitiúil agus réigiúnach. Dá réir sin, déantar soláthar leis an struchtúr ginearálta do shocruithe rannpháirtíochta do phróiseas rannpháirtíochta fairsing atá leagtha amach chun údarás áitiúla a chuimsiú, lena n-áirítear na baill tofa, tionóil réigiúnacha, eagraíochtaí neamhrialtasacha ábhartha

agus comhlachtaí gairmiúla, faoi choimirce gach roinne rialtais. Tá tuilleadh mionsonraí faoi rannpháirtíocht agus comhairliúchán an phobail leagtha amach sa chéad chuid eile.

# 4. Céimeanna comhairliúcháin chun an plean muirí a tháirgeadh

**Cén uair a dhéanfaimid rannpháirtíocht?**

Déanfaimid rannpháirtíocht leanúnach de réir mar a fhorbraítear an plean agus oibreoimid go dlúth lenár bpríomhpháirtithe leasmhara agus le daoine a bhfuil spéis acu sa réimse muirí. Ina theannta sin, tá céimeanna áirithe ann ina bhfuil ceanglas dlí orainn rannpháirtíocht a dhéanamh ar bhealach struchtúrtha agus foirmiúil, mar shampla comhairliúchán foirmiúil ar an dréachtphlean, nó i rith an phróisis na measúnachta straitéisí timpeallachta. Beidh sé tábhachtach, áfach, go dtabharfaimid éisteacht do dhearcthaí agus tuairimí na bpáirtithe leasmhara faoin tslí a measann siad a bhfuil dul chun cinn á dhéanamh ar na pleananna i rith an phróisis.

I dteannta na bpróiseas rannpháirtíochta le páirtithe leasmhara a bhfuil achoimre orthu thíos, cuirfimid socruithe i bhfeidhm le haghaidh chomhairliúchán poiblí trí bhíthin shocruithe idirghníomhacha gréasán-bhunaithe, lena n-áirítear láithreán gréasáin tiomnaithe a bhunú; www.marinespatialplan.gov.ie .

Leagtar amach san amlíne in Aguisín 2 thíos na céimeanna beartaithe don déanamh pleananna, agus aird á tarraingt ar roinnt príomhdheiseanna d'ionchur ó pháirtithe leasmhara sa phróiseas pleanála. Is ceart a thabhairt ar aird, áfach, nach bhfuil sna hamlínte seo ach treoir gharbh: is próiseas atriallach é an déanamh pleananna agus d'fhéadfaí leasú a chur ar na céimeanna sin.

**Cé leis a ndéanfaimid rannpháirtíocht?**

Mar a luadh roimhe seo, is do dhuine ar bith a bhfuil spéis aige i limistéir na bpleananna muirí iad na pleananna muirí. Tá earnálacha áirithe ann, áfach, a aithnítear láithreach go bhfuil páirt lárnach acu sa phleanáil mhuirí, mar shampla:

- dobharshaothrú
- cosaint agus slándáil náisiúnta
- fuinneamh in-athnuaite eischósta
- taiscéalaíocht agus táirgeadh ola agus gáis
- iascach
- pobail chósta áitiúla agus baill tofa

- údaráis áitiúla
- comhbhailiúcháin mhuirí
- eagraíochtaí comhshaoil, lena n-áirítear caomhnú muirí
- oidhreacht chultúrtha
- dreideáil agus diúscairt mhuirí
- calafoirt agus loingeas
- teileachumarsáid agus cáblú
- turasóireacht agus áineas
- cóireáil agus diúscairt dramhuisce

Níl an liosta sin beartaithe bheith ina liosta eisiach[2] agus cuirfear leis le linn an phróisis phleanála mhuirí. Táimid tiomanta cumarsáid agus rannpháirtíocht a dhéanamh leis an oiread grúpaí agus daoine aonair agus is féidir.

**Conas a dhéanfaimid rannpháirtíocht?**

Tá grúpaí agus eagraíochtaí áirithe a dhéanann ionadaíocht ar leasanna na n-earnálacha sin agus beidh siad ina bpríomh-chuiditheoirí agus pleanáil mhuirí ar bun. Táthar ag súil go mbeidh ról ollmhór ag na grúpaí sin sa phleanáil mhuirí, ag cur luach le hobair na Roinne trí bhíthin cur le próiseas rannpháirtíochta foriomlán na bpáirtithe leasmhara.

**Pobail chósta**

Mar chuid den phróiseas pleanála, táimid ag iarraidh a chinntiú go gcuirfear leasanna dhaoine áitiúla, a bpobal agus na ngrúpaí leasmhara áitiúla san áireamh. Tacóidh an Roinn le cumhachtú phobail áitiúla tríd an bpróiseas pleanála muirí, in éineacht le húdaráis áitiúla.

**Údaráis áitiúla agus rialtóirí eile**

Beidh ról tábhachtach sa phleanáil mhuirí le himirt ag údaráis áitiúla agus ag rialtóirí talamh-bhunaithe eile mar an EPA. Ní mór dúinn rannpháirtíocht a dhéanamh le húdaráis áitiúla cósta le linn na pleanála agus ailíniú maith a chinntiú idir na pleananna muirí agus pleananna reatha chun cinn ar leibhéal náisiúnta, réigiúnach agus contae/cathrach, chomh maith le pleananna talamh-bhunaithe ábhartha eile, amhail pleananna bainistithe abhantracha agus pleananna eile. Déanfaimid plé leanúnach, oscailte leis na húdaráis ábhartha, ag dul i gcomhairle leo ag gach céim den phleanáil. Féadfaidh údaráis áitiúla gníomhú mar chainéal chun cumarsáid a dhéanamh le pobail áitiúla freisin,

[2] Ní chuirtear in iúl le hord na liostaí sa doiciméad seo ord tosaíochta nó ordlathas ar bith i measc na nithe ar an liosta

ag déanamh ionadaíochta ar a leasanna agus ag cur deis eile rannphháirtíochta ar fáil, amhail nuachtlitreacha agus imeachtaí pobail. Imreoidh baill tofa ról tábhachtach freisin sa phróiseas pleanála muirí, ag déanamh ionadaíochta ar leasanna a bpobal áitiúil. Tacóidh Foras na Mara leis an Roinn sa rannphháirtíocht seo.

**Dlínsí Comharsanachta**

Déanfaimid comhairliúchán agus rannphháirtíocht leis an *Maritime Management Office* i Sasana, le *Marine Scotland*, le Rialtas na Breataine Bige agus le Rialtas Thuaisceart Éireann le linn na pleanála. Déanfaimid rannphháirtíocht freisin le rialtais idirnáisiúnta chomharsanachta freisin le linn an phróisis phleanála mhuirí lena chinntiú go gcuirfimid san áireamh a gcuid beartas agus pleananna muirí atá ag teacht chun cinn.

**Eagraíochtaí neamhrialtasacha (NGOnna)**

Beidh ról tábhachtach ag grúpaí comhshaoil agus ag NGOnna sa phleanáil mhuirí. Tá go leor leor taithí ag NGOnna amhail Líonra Comhshaoil na hÉireann (IEN), An Taisce*, Sustainable Water Network* (SWAN), Cairde Éanlaith Éireann, *Coast Watch*, *Coastal Concern Alliance* agus go leor eile, maidir le húsáid talún, pleanáil chósta agus éiceachórais mhuirí. Féadfaidh na heagraíochtaí sin ionadaíocht a dhéanamh ar raon leathan leasanna ghrúpaí agus dhaoine aonair agus mar sin tá siad ríthábhachtach maidir le rannphháirtíocht le linn an phróisis.

**Grúpaí ionadaíochta tionscail**

Is iomaí grúpa tionscail ann a dhéanann ionadaíocht ar roinnt earnálacha a bhaineann úsáid as acmhainní muirí amhail iascach, comhbhailiúcháin agus fuinneamh in-athnuaite. Beidh ionchur tábhachtach sa phleanáil mhuirí ag na grúpaí ionadaíochta sin. Tá sé riachtanach rannphháirtíocht a dhéanamh leis na grúpaí agus leis na daoine aonair a ndéanann siad ionadaíocht orthu, chun a ndearcthaí a fháil i rith an phróisis, agus mar sin ag baint an leas is fearr is féidir as a gcuid eolais agus a gcuid taithí.

**Comhpháirtithe reachtúla agus comhlachtaí rialtais eile**

I measc na gcomhpháirtithe rialtais agus na gcomhlachtaí a mbeidh baint an-mhór acu leis an bpróiseas pleanála muirí tá gníomhaireachtaí agus ranna rialtais amhail an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, an Roinn Cumarsáide, Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil lena n-áirítear Suirbhéireacht Gheolaíochta na hÉireann, Foras na Mara, cuideachtaí calafoirt,

Fiontar Éireann, Fáilte Éireann, Gardaí Cósta na hÉireann, Seirbhís Chabhlaigh na hÉireann agus Oifig na nOibreacha Poiblí.

De réir mar a dhéanaimid dul chun cinn tríd an bpleanáil, déanfaimid níos mó agus níos mó páirtithe leasmhara agus daoine aonair ar spéis leo í a aithint agus mar sin cuirfimid a gcuid leasanna san áireamh i rith an phróisis pleanála.

## 5. Cén uair agus conas a dhéanfaimid rannpháirtíocht le páirtithe leasmhara?

Tá leas ag gach duine againn i saibhreas muirí na hÉireann. Cuirfear feabhas ar cháilíocht an phlean seo le haghaidh ár saibhreas muirí a fhíorú agus a úsáid amach anseo ach rannpháirtíocht fhairsing agus ghníomhach a dhéanamh le páirtithe leasmhara ar leibhéal áitiúil, réigiúnach agus náisiúnta. Tá sé tábhachtach go dtapóidh daoine aonair, pobail agus eagraíochtaí an deis rannchuidiú leis na próisis rannpháirtíochta chun Plean Spásúlachta Mhuirí na hÉireann a mhúnlú ar bhealach dearfach.

Leagtar amach sa tábla thíos an t-amchlár don phleanáil mhuirí agus tugtar achoimre ar mhodhanna chun rannpháirtíocht a dhéanamh le páirtithe leasmhara i ngach céim den phróiseas pleanála. Tabharfar deis do gach páirtí leasmhar ionchur a thabhairt ag an gcéim is luaithe i rith phróiseas rannpháirtíochta na bpáirtithe leasmhara a tharlóidh ar pháipéar saincheisteanna a fhoilsiú. Tá tábhacht leis sin – ciallaíonn sé go mbeidh an rannpháirtíocht luath sin mar fhaisnéis ag an obair a bhaineann leis an gcéad dréacht a tháirgeadh.

Tuigimid an gá na difríochtaí idir páirtithe leasmhara agus grúpaí páirtithe leasmhara a chur san áireamh agus nach mbeidh roinnt modhanna rannpháirtíochta iomchuí do chách. Mar sin, beidh rannpháirtíocht pháirtithe leasmhara sa phleanáil mhuirí solúbtha agus cuirfear riachtanais ar leith pháirtithe leasmhara san áireamh. De réir mar a thagann fás ar an bpróiseas pleanála muirí, cuirfear na forbairtí sin san áireamh inár modhanna rannpháirtíochta agus cumarsáide le páirtithe leasmhara agus le geallsealbhóirí. Baineann rannpháirtíocht sa chomhthéacs seo le páirtithe leasmhara a chur ar an eolas faoin bpleanáil mhuirí agus le hionchur páirtithe leasmhara sa phleanáil mhuirí a chinntiú.

Cuirfimid páirtithe leasmhara agus geallsealbhóirí ar an eolas faoi na dréachtaí comhairliúcháin ar na bealaí seo a leanas:

- preaseisiúint áitiúil;
- fógraí ríomhphoist;
- comhairliúchán gréasán-bhunaithe;
- nuachtlitir;
- cruachóipeanna ag áiteanna cósta agus ar iad a iarraidh; agus

- scaipeadh via grúpaí páirtithe leasmhara.

Roimh an gcomhairliúchán foirmiúil agus in éineacht leis, féachfaimid le rannpháirtíocht a dhéanamh ar na bealaí seo a leanas:

- grúpaí geografacha nó earnáil-bhunaithe;
- ceardlanna;
- tairseach gréasáin;
- cruinnithe duine le duine;
- taispeántais agus seisiúin buail-isteach;
- freastal ar chruinnithe páirtithe leasmhara;
- ceistneoirí;
- nuashonruithe gréasáin;
- nuachtlitreacha.

Trí bhíthin ár láithreán gréasáin MSP, dearbhóimid an sceideal ama ag gach céim den phróiseas pleanála ionas go mbeidh páirtithe leasmhara cinnte faoi gach céim den táirgeadh plean mhuirí agus faoin am a dtarlóidh siad. Coinneoimid ar an eolas tú faoi dhul chun cinn ginearálta na pleanála muirí trí bhíthin nuachtlitreacha leictreonacha, nuachtlitreacha clóite, ríomhphoist, nuashonruithe gréasáin agus tuairisciú sa phreas agus sna meáin.

Mar chuid d'ullmhúchán an Phlean Spásúlachta Mhuirí, tá ceanglas ar an Rialtas roinnt measúnuithe comhshaoil a dhéanamh ar an bplean beartaithe. Áirítear orthu sin Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta (SEA) agus Measúnacht Chuí (AA).

Tugtar faoi na measúnuithe sin ionas gur féidir tionchar chuspóirí an phlean bheartaithe ar an gcomhshaol a mheas agus a úsáid mar fhaisnéis do threoir an phlean deiridh, lena chinntiú go bhfreagróidh sé d'íogaireachtaí agus do riachtanais an chomhshaoil nádúrtha níos leithne. Cuirfear tús leis na measúnuithe an tráth céanna le hullmhúchán MSP agus foilseofar in éineacht leis an dréacht-dhoiciméad.

**Tuairimí a thabhairt ar an bplean muirí**

Cuirfimid dréachtphlean ar fáil ar ár láithreán gréasáin ag gach céim den phleanáil (mar a leagtar amach thuas) agus tabharfar cuireadh do pháirtithe leasmhara a dtuairim orthu a thabhairt. Nuair a bheimid i mbun comhairliúcháin nó ag lorg tuairimí ag céimeanna áirithe de na pleananna muirí,

leagfaimid amach go soiléir an méid ama a bheidh agat do thuairim a chur in iúl agus an tslí is fearr é a dhéanamh. Ní mór tuairimí a thabhairt i scríbhinn, ar ríomhphost nó litir, ag gach ceann de na céimeanna sin.

Tá curtha in iúl ag roinnt páirtithe leasmhara gurb fhearr leo comhairliúchán ar ríomhphost agus gréasán-bhunaithe seachas doiciméid comhairliúcháin ar pháipéar. Mar sin féin, táimid ag iarraidh an líon is mó daoine is féidir a chur san áireamh agus féadfaimid leaganacha páipéir de dhoiciméid chomhairliúcháin ar bith a chur ar fáil do dhaoine gan rochtain ar ríomhairí ná ar ábhar gréasáin, ach iad a iarraidh.

# 6. Céard a dhéanfaimid le do dhearcthaí agus do thuairimí?

Am ar bith a ndéanfaimid rannpháirtíocht le páirtithe leasmhara, tabharfaimid torthaí an phróisis mar aiseolas. D'fhéadfadh go mbeadh i gceist leis sin an chéad chéim eile den phlean, nuashonruithe ar an láithreán gréasáin pleanála muirí agus le nuachtlitreacha agus feasacháin nuachta. Cuirfimid amach achoimre ar an gcomhairliúchán freisin, de réir mar is cuí.

Maidir leis an gcomhairliúchán foirmiúil ar an dréacht-phlean muirí, chomh luath is a bheidh an tréimhse chomhairliúcháin 12 seachtaine dúnta, déanfar anailís ar na freagraí agus cuirfear amach tuarascáil achomair le mionsonraí ar aon tuairimí a tugadh agus a foilsíodh ar ár láithreán gréasáin. Leagfar amach sa tuarascáil seo freisin aon athruithe a rinneadh ar na pleananna, aon athruithe nach ndearnadh agus na cúiseanna leis sin. Cuirfear gach duine a chuir freagra isteach ar an eolas an tráth a fhoilseofar í.

Mar chuid den phróiseas pleanála muirí, cuirfimid san áireamh dearcthaí agus aiseolas ó gach páirtí leasmhar. Tá rannpháirtíocht páirtithe leasmhara ríthábhachtach le go n-éireoidh leis an bplean muirí agus cé go mbreithneoimid na tuairimí, dearcthaí agus ionadaíochtaí go léir arna ndéanamh ar na dréacht-phleananna, seans nach leasú ar an bplean féin a bheidh mar thoradh orthu. Ní mór don chóras pleanála muirí riachtanais na todhchaí a chomhtháthú, chomh maith le dearcthaí éagsúla. Is iomaí toisc éagsúil ann a chuireann leis an bpróiseas cinnteoireachta agus leis an ngá oibriú laistigh de na beartais náisiúnta rialtais atá ann cheana féin. Tarraingíodh aird, a bhuíochas do rannpháirtíocht luath páirtithe leasmhara, gur gá cothromaíocht a choimeád idir go leor tosca éagsúla agus gur dócha nach sásóidh gnéithe de na pleananna muirí gach duine, agus go mbeidh gá le roinnt comhghéillte. Mar sin féin, breithneoimid an t-aiseolas go léir, agus beidh de dhualgas

orainn follasacht a choimeád le linn an phróisis pleanála muirí. Ina theannta sin, cinnteoimid a chur in iúl go soiléir do pháirtithe leasmhara an tslí a ndéanfar cinntí sa phlean muirí.

**Athbhreithniú agus athchóiriú ar MSP**

Rud nua d'Éirinn í an phleanáil mhuirí. Ní próiseas gan ghluaiseacht í. Beidh nádúr beomhar agus éabhlóideach aici agus de réir mar a ghluaisimid tríd an bpróiseas, d'fhéadfaí tuilleadh athruithe a chur ar dhréacht-phleananna chun beartas náisiúnta éabhlóideach a léiriú. Sa chás go ndéanfar athruithe, déanfar soláthar do thuilleadh rannpháirtíochta ó pháirtithe leasmhara sa phróiseas lena chinntiú go mbainfear aidhmeanna foriomlána na pleanála muirí amach.

I ndiaidh don Rialtas glacadh leo, déanfar athbhreithniú agus nuashonrú ar phleananna muirí ar bhonn timthriallach, gach 10 mbliana ar a laghad. Beidh atriall ar an bpróiseas mar atá leagtha amach sa doiciméad seo i gceist le hathbhreithniú agus nuashonrú ar phleananna, agus glacadh Rialtais le pleananna athbhreithnithe mar bhuaicphointe air sin.

# Aguisín 1

## Achoimre ar Threoir MSP

| Airteagal | Teideal | Achoimre |
|---|---|---|
| 1 | **Ábhar** | MSP chun geilleagair mhuirí, forbairt inbhuanaithe agus úsáid inbhuanaithe acmhainní a chur chun cinn, agus idirghníomhaíochtaí na talún-na farraige agus comhoibriú trasteorann á gcur san áireamh |
| 2 | **Raon Feidhme** | Baineann an Treoir le huiscí muirí, ach ní le huiscí cósta nó le limistéir arna gcuimsiú ag pleanáil talún, riachtanais mhíleata agus de réir UNCLOS |
| 3 | **Sainmhínithe** | Sainmhínithe chun críche na Treorach |
| 4 | **MSP a bhunú agus a chur i bhfeidhm** | Ballstáit chun MSP a bhunú chun idirghníomhaíocht na talún-na farraige, rialachas, institiúide, mionsonraí an réigiúin mhuirí, úsáidí reatha agus amach anseo a chur san áireamh agus féadfar beartais reatha a chur san áireamh |
| 5 | **Cuspóirí MSP** | Forbairt inbhuanaithe a chur chun cinn ach cur chuige bunaithe ar an éiceachóras a chur i bhfeidhm maidir le fuinneamh, iompar muirí, iascach, dobharshaothrú, turasóireacht, astarraingt amhábhair, caomhnú comhshaoil agus teacht aniar i leith athrú aeráide |
| 6 | **Bunriachtanais MSP** | Ba cheart nósanna imeachta iomchuí a chur ar bun chun rannchuidiú le cuspóirí na pleanála spásúlachta muirí agus ba cheart athbhreithniú a dhéanamh ar phleananna gach 10 mbliana ar a laghad |
| 7 | **Idirghníomhaíochtaí na talún-na farraige** | Ba cheart próisis fhoirmiúla agus neamhfhoirmiúla a úsáid chun cuntas a thabhairt d'idirghníomhaíochtaí na talún-na farraige gan cur isteach ar chóid phleanála talún reatha na mBallstáit |
| 8 | **MSP a shocrú** | Ba cheart machnamh a dhéanamh ar dháileadh spásúil agus ama maidir le gníomhaíochtaí reatha agus sa todhchaí agus féadfaidh na nithe seo a leanas a bheith san áireamh leis sin: limistéir dhobharshaothraithe, limistéir iascaireachta, suiteálacha agus bonneagair le haghaidh thaiscéalaíocht, saothrú agus astarraingt ola, gáis agus acmhainní fuinnimh eile, de mhianraí agus comhbhailiúcháin, agus le haghaidh fuinneamh a tháirgeadh ó fhoinsí in-athnuaite, bealaí iompair muirí agus sreabhadh tráchta, limistéir traenála míleata, láithreán caomhantais speiceas agus nádúir agus limistéir faoi chosaint, limistéir astarraingthe amhábhair, taighde eolaíochta, bealaí cáblaí fomhuireáin agus píblíne, turasóireacht agus oidhreacht chultúrtha faoi thoinn. |
| 9 | **Rannpháirtíocht an phobail** | Rannpháirtíocht an phobail agus comhairliúchán poiblí ag céim luath a chinntiú |
| 10 | **Úsáid agus roinnt sonraí** | Ba cheart sonraí a úsáid agus a roinnt de réir na Treorach INSPIRE |
| 11 | **Comhoibriú i measc Ballstát** | Ba cheart do Bhallstáit Teorann comhoibriú lena chinntiú go dtabharfar cur chuige comhtháite ar MSP ar feadh na réigiúin mhuirí. Ba cheart córais reatha agus coinbhinsiúin farraige reatha a úsáid |
| 12 | **Comhoibriú le tríú tíortha** | Comhoibriú le tríú tíortha |
| 13 | **Údaráis Inniúla** | Ba cheart do Bhallstáit údaráis inniúla a shonrú chun críocha MSP a chur i bhfeidhm |
| 14 | **Monatóireacht agus tuairisciú** | Ballstáit lena bpleananna foilsithe a sheoladh chuig an gCoimisiún Eorpach agus Ballstáit eile lena mbaineann agus tuairisc a thabhairt ar chur i bhfeidhm na Treorach |

| | | |
|---|---|---|
| **15** | **Trasuí** | An Treoir le trasuí agus údaráis inniúla le sainaithint faoin 18 Meán Fómhair 2016 agus pleananna le bheith ar bun faoin 31 Márta 2021 |
| **16** | **Teacht i bhfeidhm** | Dáta teacht i bhfeidhm |
| **17** | **Seoltaí** | Seoltaí Uachtaráin Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle Eorpaí |

# Aguisín 2

| | **Cloch Mhíle** | **Creat Ama** |
|---|---|---|
| **Céim Ghníomhachtaithe** | Feidhm MSP a bhunú sa Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil agus acmhainní a chur ar fáil dó | Láithreach – críoch |
| | Príomhpháirtithe leasmhara a shainaithint agus dul i dteagmháil leo | Anois – deireadh 2017 |
| **Céim na Forbartha** | Grúpa Idirghníomhaireachta MSP a Bhunú | Deireadh mhí na Samhna2017 |
| | Treochlár a fhorbairt – *I dTreo a Phlean Spásúlachta Mhuirí* | Foilsigh roimh dheireadh 2017 |
| | Tús a chur le teagmháil le grúpa níos leithne de pháirtithe leasmhara seachtracha (e.g. ionadaithe ón tionscal fuinnimh, iascach, pobail chósta etc). | • I scríbhinn roimh dheireadh 2017<br>• Ceardlann réigiúnach / fóraim pháirtithe leasmhara R1 2018 |
| | Páipéar saincheisteanna a ullmhú (áirítear ar an gcéim seo sonraí maidir le coinníollacha reatha a bhailiú, a mhapáil agus anailís a dhéanamh orthu) | • Foilsigh Meán Fómhair 2018<br>• Comhairliúchán 2 mhí |
| | Dréacht-MSP a ullmhú (lena n-áirítear Measúnachtaí Timpeallachta) | • Chuig an Aire / Rialtais R2 2019<br>• Comhairliúchán 3 mhí |
| **Céim Chríochnaithe** | MSP Deiridh a ullmhú (lena n-áirítear Measúnachtaí Timpeallachta) | • Chuig an Aire / Rialtais R22020<br>• Foilsigh agus cur in iúl don Choimisiún Eorpach – R3 2020 |
| **Céim Chur i bhFeidhm agus Athbhreithnithe** | Cur i bhfeidhm agus athbhreithniú | 2020 ar aghaidh |